# Tomhais: Airgead – Moltaí maidir le heispéiris foghlama páistí

## Bíonn deiseanna ag an bpáiste chun…

### Tuiscint a fhorbairt agus ceangail a dhéanamh

- tabhairt faoi rólghlacadh bunaithe ar airgead le piaraí.
- méideanna airgid a ríomh ag baint úsáid as oibríochtaí.
- naisc a dhéanamh idir an luach atá ag airgead agus luach earraí agus seirbhísí.
- a gcásanna ón bhfíorshaol nó samhlaíocha féin a chumadh atá bainte le hairgead.
- tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a dhéanann aithris ar úsáid bonn, airgid thirim agus idirbhearta gan airgead tirim.
- taifead a dhéanamh ar choigilt agus idirbhearta caiteachais agus measúnú a dhéanamh ar a gcinnteoireacht airgeadais.



### Cumarsáid a dhéanamh

- teanga chuí a úsáid agus rudaí á malartú le daoine eile le hairgead.
- a dtuiscint ar phróiseas na n-idirbheart a léiriú.
- luach earraí agus seirbhísí a phlé trí úsáid a bhaint as teanga chuí.
- bealaí éagsúla a léiriú nó cur síos a dhéanamh orthu chun airgead a ríomh agus idirbhearta a thaifeadadh.
- éisteacht le smaointe agus réitigh a bhaineann le hairgead, iad a roinnt agus a mhíniú.



### Réasúnaíocht a dhéanamh

- Cinntí a dhéanamh faoi luach earraí agus seirbhísí agus réasúntacht praghsanna.
- Ceisteanna a fhiafraí agus a chur a chuirfidh bonn eolais faoi chinnteoireacht faoi airgead.
- Meastachán, comparáidí agus/nó straitéisí meabhracha a úsáid agus airgead á ríomh.
- Anailís a dhéanamh ar chásanna a bhaineann le hairgead agus straitéisí agus réitigh úsáideacha a chur i bhfeidhm.
- Cinntí airgeadais a mheas agus a chosaint bunaithe ar ríomhanna agus ar chomparáidí.



### Cur i bhfeidhm agus fadhbanna a réiteach

- réimse fadhbanna a bhaineann go dlúth le saol laethúil páistí a réiteach.
- iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí éagsúla a dtugann piaraí faoi fhadhb /a dhéanann iarracht an fhadhb airgeadais chéanna a réiteach.
- buiséad a dhéanamh do réimse cásanna praiticiúla a bhaineann le hairgead, ar nós imeachtaí teaghlaigh agus pearsanta, m.sh., *laethanta breithe agus iad a bhreithniú*.
- iniúchadh a dhéanamh ar raon spreagthaí chun tuiscint ar airgead a neartú, m.sh., *admhálacha, catalóga agus liostaí praghsanna*.
- na himpleachtaí airgeadais d'fhadhbanna nó cásanna éagsúla (fíor nó hipitéiseach) a fhiosrú agus a mheas.

